
NETWORKS

# Faire Aimsire ESB Networks

## Treoracha Socraithe an Stáisiúin Aimsire



## Ullmhúchán

**Beidh na nithe seo a leanas de dhíth ort le do stáisiún aimsire a shocrú:**

- 3 x cadhnraí AA
- Ainm agus pasfhocal Wi-Fi do scoile
- Ríomhaire glúine agus guthán
- Suíomh oiriúnach do do stáisiún aimsire mar atá leagtha amach sa lámhleabhar treoracha
- Bealach chun an stáisiún aimsire a chur in airde ar an suíomh a roghnaíonn tú. Tá treoracha ar an gcaoi leis sin a dhéanamh le fáil sa lámhleabhar treoracha.

### Múnla Stáisiúin Aimsire:

**NATIONAL GEOGRAPHIC Wi-Fi Colour Weather Station with 7-in-1 Sensor**




Baineann codanna agus uimhreacha na leathanach sa treoir mhearthosaithe seo leis an lámhleabhar a cuireadh ar fáil le do stáisiún aimsire. Sula leanann tú ar aghaidh, léigh an lámhleabhar chun eolas a chur ar na codanna den bhonnaonad agus den stáisiún aimsire. Ar leathanach 44 a thosaíonn an chuid Bhéarla. Moltar freisin an t-eolas sábháilteachta ar leathanach 46 a léamh.

**Nasc chuig Lámhleabhar an Ghléis:** (Béarla ó leathanach 44)

https://www.bresser.com/media/ca/e3/00/1734375134/Manual_9080600_WIFI-Weather-Center-7in1_de-en_NATGEO_v112024a.pdf

**Tabhair faoi deara:** ní hionann an lámhleabhar digiteach agus an lámhleabhar fisiceach a cuireadh ar fáil le do stáisiún aimsire.

WEATHER Watch


# Céimeanna socraithe

## a) Cuir an Stáisiún Aimsire le chéile

Cuir do stáisiún aimsire nua le chéile taobh istigh ach ná cuir in airde amuigh faoin aer fós é. Tá treoracha níos mionsonraithe faoin mbealach leis an stáisiún aimsire a chur le chéile le fáil ar leathanaigh 48–51 den lámhleabhar treoracha.

- Cuir barr an chuaille isteach i bpoll cearnógach an stáisiúin aimsire.
- Cuir cnó i bpoll heicseagánach an stáisiúin aimsire, ansin cuir an scriú isteach ar an taobh eile agus cas an scriúire chun é a theanntú.
- Tá dhá rogha ann agus an stáisiún aimsire á cheangal agat leis an mbonn gléasta.


**a) Le cur ar chuaille**
(Trastomhas an chuaille: 1”-1.3”) (25-33mm)



Má tá sé le cur ar chuaille amuigh faoin aer, cuir ceann eile an chuaille isteach i bpoll cearnógach an bhoinn ionas go mbeidh sé ar aon leibhéal leis (féach íomhá A). Cuir cnó i bpoll heicseagánach an stáisiúin aimsire, ansin cuir an scriú isteach ar an taobh eile agus cas an scriúire chun é a theanntú.

- Cuir an clampa gléasta i leataobh. Beidh gá agat leis ag an deireadh chun do stáisiún aimsire a cheangal den chuaille amuigh faoin aer.

**b) Le cur in airde ar ráille**



Má tá sé le cur in airde ar ráille lasmuigh, leag an bonn cothrom ar dhromchla agus cuir an ceann eile den chuaille isteach sa pholl cearnógach (féach íomhá B). Cuir cnó i bpoll heicseagánach an stáisiúin aimsire, ansin cuir an scriú isteach ar an taobh eile agus cas an scriúire chun é a theanntú.

ESB NETWORKS

## b) Cuir Foinse Cumhachta leis an mBonnaonad agus leis an Stáisiún Aimsire

- Cuir 3 chadhnra AA isteach i mbun an stáisiúin aimsire mar a thaispeántar leis na comharthaí +/-.
- Beidh an solas dearg LED faoi bhun an stáisiúin aimsire ar lasadh gach 15 soicind. Mura bhfuil an solas dearg ar lasadh, seiceáil na cadhnraí le cinntiú go bhfuil siad nua agus curtha isteach i gceart.
- Nuair atá an solas dearg ar lasadh ar an stáisiún aimsire, ceangail an corda atá ceangailte leis an mbonnaonad leis an gcábla USB Cineál-C agus plugáil an bonnaonad isteach sa soicéad balla.
- Ceangail an seastán boird leis an mbonnaonad.
- Tar éis cúpla nóiméad, ba cheart go dtiocfadh sonraí aníos sna colúin **IN** agus **OUT** araon.

## c) Cruthaigh Cuntas ar Weathercloud

- Tabhair cuairt ar Weathercloud (weathercloud.net) agus cliceáil ar "Get Started" ag an mbarr ar dheis
- Lean na treoracha agus cruthaigh cuntas.
- Agus tú logáilte isteach i do chuntas, cliceáil "Create a Device" agus líon isteach na réimsí seo a leanas:
  - Ainm: Ainm do scoile
  - Cineál: Roghnaigh "Bresser 7-in-1"
  - Cineál Naisc: Roghnaigh 'Pro Weather Link'
  - Suíomh Gréasáin: (Roghnach)
  - Cur Síos: Faire Aimsire ESB Networks - Clár Scoileanna
  - Suíomh: Líon isteach na sonraí suímh ábhartha.
    - » Tagraíonn an suíomh seo don áit a suiteálfar an stáisiún aimsire – .i. do scoil. Roghnaigh "Get Coordinates" agus aimsigh do scoil. Chun an airde a aimsiú, is féidir uirlis amhail What's My Elevation a úsáid (whatismyelevation.com). Cuir isteach a airde atá do stáisiún aimsire ón talamh. Cuir isteach 1.5 méadar mura bhfuil tú cinnte faoin airde. Ba cheart go mbeadh do stáisiún aimsire an méid sin ar a laghad ón talamh.
- Cliceáil ar 'Create'.
- Ar do chuntas Weathercloud, cliceáil ar dheilbhín do chuntais ag an mbarr ar dheis, ansin roghnaigh 'Devices'.
- Ba cheart go bhfeicfeá liosta de 'Your Devices' agus ba cheart go mbeadh do stáisiún aimsire liostaithe ann. Cliceáil ar 'Settings' agus roghnaigh 'Link Device'. Tabharfar 'Weathercloud ID' agus 'Key' duit ag an gcéim seo.

WEATHER Watch

- Cóipeáil an dá chód isteach i ndoiciméad. Má tá fáil agat ar an ríomhphost ar do ghuthán, seol na cóid chugat féin chun an chéad chéim eile a dhéanamh níos fusa.

## d) Ceangail an Bonnaonad le Wi-Fi do Scoile

Trí do ghléas a cheangal le Weathercloud agus le líonra Wi-Fi do scoile, beidh tú féin agus do dhaltaí in ann féachaint ar dhálaí aimsire reatha i bhfíor-am agus rochtain a fháil ar shonraí aimsire fadtéarmacha a bhailíonn do stáisiún aimsire.

Tá treoracha níos mionsonraithe faoin mbealach leis an mbonnaonad a cheangal le Wi-Fi do scoile le fáil ar leathanaigh 66–76 den lámhleabhar treoracha.

1. Déan cinnte go bhfuil do bhonnaonad agus do stáisiún aimsire taobh le taobh.
2. Déan cinnte go bhfuil sonraí ag teacht aníos sna colúin IN agus OUT araon.
3. Déan cinnte go bhfuil tú gar do stáisiún Wi-Fi do scoile.
4. Déan cinnte go bhfuil 'AP' ar lasadh ar an mbonnaonad. Mura bhfuil 'AP' le feiceáil, coinnigh an cnaipe [SENSOR / WI-FI] ar chúl an bhonnaonaid síos go ceann 6 soicind.
5. Déan nóta d'ainm agus pasfhocal Wi-Fi do scoile. Déan nóta de líonraí Wi-Fi uile do scoile, mar seans go n-oibreoidh ceann amháin níos fearr ná ceann eile.
6. Cóipeáil an "Weathercloud ID" agus an "Key" a chuir tú chugat féin ar ríomhphost cheana, agus sábháil iad in aip Nótaí do ghutháin le go mbeidh fáil orthu go héasca.
7. Lean na treoracha thíos. Tá cur síos mionsonraithe orthu seo freisin ar leathanaigh 66-69 den lámhleabhar.
   - Íoslódáil an aip 'WSLink' ó aipstór do ghutháin.
   - Cliceáil ar 'Add Device'.
   - Má tá 'AP' ar lasadh ar do bhonnaonad, cliceáil ar 'Operation Complete'.
   - Ansin, téigh chuig socruithe Wi-Fi do ghutháin. Roghnaigh an t-ainm Wi-Fi 'PWS-XXXXXX'. D'fhéadfadh sé go dtógfadh sé cúpla nóiméad ceangal a dhéanamh. Déan cinnte nach bhfuil tú ceangailte le Wi-Fi do scoile ná le do shonraí móibíleacha.
   - Tiocfaidh lógó Wi-Fi aníos ar scáileán do ghutháin nuair a bheidh sé ceangailte. Seans go bhfaighidh tú foláireamh nach bhfuil an ceangal slán nó gur theip air, ach chomh fada is go dtagann an lógó Wi-Fi aníos is féidir leanúint ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile.
   - Deimhnigh an ceangal ar an aip. Sa chéad chuid eile, cliceáil ar an deilbhín 'Settings'.
   - Cuir isteach ainm líonra agus pasfhocal Wi-Fi do scoile. Cliceáil ar 'Next'.
   - Ba cheart go mbeadh faisnéis do ghléis le feiceáil. Cliceáil ar 'Next'.

WEATHER Watch

- Sa chéad chuid eile, cliceáil ar 'Weathercloud' agus cuir isteach do Station ID agus Station Key. Sin iad na cóid a chóipeáil tú ó Weathercloud agus a chuir tú chuig do ghuthán. Seans go n-athróidh an chéad litir go ceannlitir go huathoibríoch, mar sin bí cinnte dearfa go bhfuil na sonraí cruinn sula sábhálann tú iad. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh na sonraí seo cruinn, nó ní bheidh tú in ann bogadh ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile.
- Tiocfaidh an roghchlár 'Settings' aníos. Ansin, is féidir leat deimhniú agus imeacht as.
- Laistigh de chúpla nóiméad, ba cheart go mbeadh an t-am le feiceáil ar do bhonnaonad in ionad 'AP'.

**8.** Le deimhniú go bhfuil do ghléas ceangailte le Wi-Fi do scoile, logáil isteach in Weathercloud arís agus lean na céimeanna thíos:

- Cliceáil ar dheilbhín do chuntais ag an mbarr ar dheis
- Roghnaigh 'Devices'
- Ba cheart go mbeadh tic glas le feiceáil in aice le do phróifíl agus é nasctha

**9.** Mura bhfuil an tic glas le feiceáil tar éis 5–10 nóiméad, seans go mbeidh ort céim 5 thuas a dhéanamh arís. Uaireanta bíonn gá le cúpla iarracht chun ceangal a dhéanamh.

- Svaidhpeáil ar chlé ar an aip 'WS Link' chun an gléas nár cheangail a scriosadh agus cliceáil ar 'Add Device' chun tosú arís.

## e) Cuir do scoil ar an léarscáil

1. Agus tú ceangailte le Wi-Fi do scoile agus an tic glas le feiceáil ar Weathercloud, téigh chuig https://esbnetworksweatherwatch.ie/weather-station-submisson/
2. Líon isteach an fhoirm le sonraí do scoile agus Weathercloud
3. Chun URL do Stáisiún Aimsire a fháil, logáil isteach in Weathercloud, cliceáil ar dheilbhín do phróifíle agus ansin roghnaigh 'Devices'. Cliceáil ar 'Settings' agus ansin ar 'Get QR Code' agus cóipeáil an nasc a thagann aníos. Ba cheart go mbeadh cuma mar seo air: https://app.weathercloud.net/d9121163519
4. Chun do nasc HTML a fháil, logáil isteach in Weathercloud, cliceáil ar dheilbhín do phróifíle agus ansin roghnaigh 'Devices'. Cliceáil ar 'Settings' agus ansin ar 'Get Sticker'. Cóipeáil an nasc HTML (suíomhanna gréasáin agus blaganna). Ba cheart go mbeadh cuma mar seo air: <ahref="https://app.weathercloud.net/d9121163519"><img src="https://app.weathercloud.net/device/sticker/9121163519"></a>
5. Cuir isteach an fhoirm. Laistigh de chúpla nóiméad, ba cheart go mbeadh do scoil le feiceáil ar an léarscáil anseo https://esbnetworksweatherwatch.ie/weather-station-data/

ESB NETWORKS

## f) Cuir do stáisiún aimsire in airde amuigh faoin aer

1. Agus do bhonnaonad ceangailte le Wi-Fi, sonraí ag teacht aníos sna colúin **IN** agus **OUT** agus do scoil beo ar an léarscáil ar shuíomh gréasáin Faire Aimsire de chuid ESB Networks, tá tú réidh anois chun do stáisiún aimsire a chur in airde amuigh faoin aer.
2. Nithe tábhachtacha le cur san áireamh:
   - Má tá an stáisiún aimsire le cur in airde ar chuaille, úsáid an clampa gléasta.
   - Má tá an stáisiún aimsire le cur in airde ar ráille nó ar dhromchla cothrom, déan cinnte go bhfuil sé ceangailte go daingean ionas nach séidfear chun siúil é.
   - Ba cheart an stáisiún aimsire a chur in airde ar a laghad 1.5 méadar lastuas den talamh.
   - Roghnaigh suíomh nach bhfuil bacainní amhail foirgnimh nó crainn ann.
   - Seachain suíomh ina bhféadfadh liathróidí peile nó rudaí eile an stáisiún aimsire a bhualadh.
   - Dírigh saighead an stáisiúin aimsire ó thuaidh.
   - Cuir an stáisiún aimsire laistigh de 150 méadar ón mbonnaonad. Dá ghaire is ea is fearr!

# Ceisteanna Coitianta

### Níl an solas dearg ar lasadh ar mo stáisiún aimsire.

D'fhéadfadh sé go bhfuil na cadhnraí sa stáisiún aimsire curtha isteach mícheart nó go bhfuil gá le cinn nua, go háirithe má tá an stáisiún aimsire níos mó ná bliain d'aois. Tabhair an stáisiún aimsire isteach agus cuir taobh le taobh leis an mbonnaonad é. Athraigh na cadhnraí nó déan cinnte go bhfuil siad curtha isteach i gceart. Ba cheart go mbeadh an solas dearg ar lasadh gach 15 soicind ach cadhnraí nua a bheith in úsáid agus iad curtha isteach i gceart.

### Níl aon sonraí aimsire ag teacht aníos sna colúin IN, OUT ná WIND

Coinnigh an stáisiún aimsire agus an bonnaonad taobh le taobh. Bain na cadhnraí amach nó athraigh iad má tá an stáisiún aimsire níos mó ná bliain d'aois. Déan cinnte go bhfuil na cadhnraí curtha isteach i gceart. Ba cheart go mbeadh an solas dearg ar lasadh gach 15 soicind ach cadhnraí nua a bheith in úsáid agus iad curtha isteach i gceart.

Díphlugáil an bonnaonad. Plugáil isteach arís é tar éis cúpla nóiméad. Ba cheart go mbeadh na sonraí uile le feiceáil laistigh de chúpla nóiméad.

Déan cinnte go bhfuil an stáisiún aimsire agus an bonnaonad taobh le taobh chun an chéad léamh a fháil sa cholún **OUT**. Beidh léamh níos cruinne le feiceáil nuair a bheidh an stáisiún aimsire curtha in airde amuigh faoin aer.

WEATHER Watch

# Ceisteanna Coitianta

**Cheangail mé leis an Wi-Fi ach tá 'AP' fós ar lasadh / Ní fheicim an tic glas ná na sonraí aimsire ar Weathercloud / Ní féidir liom cliceáil ar 'Get Sticker' ar Weathercloud mar go bhfuil sé liath.**

Is é is dóichí gur theip ar an gceangal Wi-Fi. Ní rud neamhghnách é seo agus uaireanta bíonn gá le cúpla iarracht chun ceangal a dhéanamh. Déan céimeanna sa chuid 'Ceangail an Bonnaonad le Wi-Fi do Scoile' arís.

Svaidhpeáil ar chlé ar an aip 'WS Link' chun an gléas nár cheangail a scriosadh agus cliceáil ar 'Add Device' chun tosú arís.

Mura bhfuil an Wi-Fi ceangailte fós tar éis cúpla iarracht, déan teagmháil linn ag esbnweatherwatch@realnation.ie agus cabhróidh muid leat é a chur ina cheart.

Tabhair faoi deara nach i gcónaí a cheadaíonn líonraí Wi-Fi scoile an ceangal. An rud is tábhachtaí ar fad ná go bhfuil sonraí ag teacht aníos ar an mbonnaonad. Má tá sonraí ag teacht aníos, is féidir an stáisiún aimsire a chur in airde amuigh faoin aer i gcónaí.

**Cá háit ar féidir liom URL an stáisiúin aimsire a fháil?**

Chun URL do Stáisiún Aimsire a fháil, logáil isteach in Weathercloud, cliceáil ar dheilbhín do phróifíle agus ansin roghnaigh 'Devices'. Cliceáil ar 'Settings' agus ansin ar 'Get QR Code' agus cóipeáil an nasc a thagann aníos. Ba cheart go mbeadh cuma mar seo air: https://app.weathercloud.net/d9121163519. Teastaíonn ceangal Wi-Fi chun an cód QR a fháil.

Roinn an nasc seo le tuismitheoirí, le múinteoirí agus le daltaí le go mbeidh siad in ann féachaint ar dhálaí aimsire reatha i bhfíor-am.

**Cá háit ar féidir liom nasc HTML Weathercloud (suíomhanna gréasáin agus blaganna) an stáisiúin aimsire a fháil?**

Chun do nasc HTML a fháil, logáil isteach in Weathercloud, cliceáil ar dheilbhín do phróifíle agus ansin roghnaigh 'Devices'. Cliceáil ar 'Settings' agus ansin ar 'Get Sticker'. Cóipeáil an nasc HTML (suíomhanna gréasáin agus blaganna). Ba cheart go mbeadh cuma mar seo air: <ahref="https://app.weathercloud.net/d9121163519"><img src="https://app.weathercloud.net/device/sticker/9121163519"></a>

**Má bhíonn aon deacracht agat an stáisiún aimsire a shocrú, déan teagmháil linn ag esbnweatherwatch@realnation.ie agus cabhróidh muid leat é a chur ina cheart.**